**Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha**
Cothú an Phobail

## Litir Shamplach

Léigh agus pléigh an litir thíos. Smaoinigh ar ghníomhartha is féidir a dhéanamh chun pobail a chothú, bunaithe ar litir Sheibí.

A Chailíní agus a Bhuachaillí, 25/02/24

Conas atá sibh? Seibí is ainm domsa agus tá mé ag scríobh chugaibh faoi rud iontach - cothú mo phobail! Ciallaíonn "cothú" grá, aire agus aird a thabhairt do mo phobal ionas go mbeidh rath air sa todhchaí.

Ar dtús - tá draíocht san athchúrsáil! Ciallaíonn sé rud nua iontach a dhéanamh as seanrudaí. Le chéile is féidir linn a bheith inár laochra athchúrsála! Cuir an páipéar atá úsáidte agat san araid athchúrsála agus tabhair buidéil ghloine chuig banc buidéal in aice le do bhaile. I mo scoil féin, rinne muid athchúrsáil ar chartáin uibheacha mar mhaisiúcháin don seomra ranga.

Is focal mór é inbhuanaitheacht, ach ciallaíonn sé a bheith deas le chéile agus leis an Domhan. Tá Club Inbhuanaitheachta againn ar scoil le smaointe a mhalartú chun pobal na scoile go léir a fheabhsú. Mar shampla rinne muid póstaeir le "Laghdú, Athúsáid agus Athchúrsáil" a mheabhrú do chách, agus chroch muid timpeall na scoile iad, agus tugaimid cuairt ar theach altranais áitiúil chun scéalta a mhalartú le daoine scothaosta a chónaíonn ann. Thug mé cuntas do bhean ghalánta faoi chlub CLG an bhaile agus conas a imrímid cluichí gach seachtain a thugann na comharsana go léir le chéile, agus d'inis sise scéal a beatha domsa!

Is féidir linn go léir roghanna a dhéanamh chun domhan níos gile agus níos áille a chruthú. Tá gairdín ag ár bpobal áitiúil ina gcuirimid síolta beaga bídeacha - tá mé ag súil go mór leis na bláthanna a fhásfaidh astu a fheiceáil! Is dócha go bhfuil gach gníomh a dhéanaimid mar sin - cuirimid síolta an athraithe agus feicimid iad ag fás i bpobal atá níos fearr fós! Is féidir linn pobal ionchuimsitheach, comhbhách, agus inbhuanaithe níos fearr a chothú má dhéanann muid go léir ár gcion.

Bímis ag caint lenár gcomharsana, ár gcairde agus ár dteaghlaigh faoinár bpobail a chothú. B'fhéidir go bhfuil smaointe agaibh faoin gcaoi a bhféadfaimis ár bpobail a fheabhsú agus an scéal a scaipeadh chuig daoine eile. Má tá, cuirigí in iúl iad!

Tá mé ag súil go mór le bhur dtuairimí,
Seibí Inbhuanaithe

